

An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2021

Week of Prayer for Christian Unity

Fanaigí i mo ghrá agus tabharfaidh sibh toradh fóna uaibh

SEIRBHÍS IDIRCHREIDMHEACH GHAEILGE

INTERDENOMINATIONAL SERVICE IN IRISH

Eagraithe ag

Cumann Gaelach na hEaglaise i bpáirtíocht le Pobal an Aifrinn

Comóradh 50 bliain (1971-2021)

**An chléir: An Canónach David Oxley, An tAthair Pádraig Ó Baoill agus
an tEaspag Alan Mac Eochagáin ag seanmóireacht**

Ceol

Cór Cúil Aodha faoi stiúir Pheadar Ó Riada

HYMN: Lúireach Phádraig

FÁILTE

An Canónach David Oxley

Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh go raibh libh go léir i gcónaí!

A dheartháireacha agus a dheirfiúracha i gCríost, an téama don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí i mbliana, roghnaithe ag deirfiúracha Chuallacht Grandchamp san Eilvéis, ná: “Fanaigí i mo ghrá agus tabharfaidh sibh toradh fóna uaibh”.

Is é mórmhian Dé, léirithe ag Íosa, go dtagaimid chuige agus go mairimid ann. Fanann sé linn gan stad gan staonadh, agus súil aige go dtabharfaimid toradh mór uainn a chuirfidh beocht i ngach ní, agus muid aontaithe leis i ngrá. Agus ár ndifríochnaí os ár gcomhair, bíonn an baol ann go ndruidfimid isteach ionainn féin agus nach bhfeicfimid ach na gnéithe a dhealaíonn daoine ó chéile. Éistimid le Críost ag gairm orainn fanacht ina ghrá agus toradh fóna a thabhairt uainn dá bharr.

Faoi shíocháin guímis chun an Tiarna:

A Thiarna, is tú saothróir na finiúna a amharcann inár ndiaidh le grá.

Glaonn tú orainn an bhreáthacht a fheiceáil i ngach géag na finiúna, breáthacht gach duine.

Ach fós féin, is rímhinic a spreagann an éagsúlacht idir daoine eagla ionainn.

Druidimid isteach ionainn féin.

Imíonn ár muinín ionat.

Fásann naimhdeas eadrainn.

Go dtreoraí tú ár gcroí i do threo arís eile.

Go dtuga tú saol dúinn i do mhaithiúnas

ionas go mbeimid le chéile agus go molfaimid d’ainm. Amen.

LIODÁIN AN MHOLTA

An tAthair Pádraig Ó Baoill

Tusa a ghlaonn orainn bheith mar mholadh i lár an talaimh: glóir duit!

Tugaimid ardmholadh duit i lár an talaimh agus i measc gach duine,

Tugaimid ardmholadh duit i lár an domhain mhóir agus i measc gach neach beo.

Tusa a ghlaonn orainn bheith mar mholadh i lár an talaimh: glóir duit!

Tugaimid ardmholadh duit le linn na fulaingthe agus na ndeor,

Tugaimid ardmholadh duit le linn na ndóchas agus na n-éachtaí.

Tusa a ghlaonn orainn bheith mar mholadh i lár an talaimh: glóir duit!

Tugaimid ardmholadh duit sna háiteanna a bhfuil coimhlint agus míthuiscint;

Tugaimid ardmholadh duit sna háiteanna a bhfuil achrann agus athmhuintearas.

Tusa a ghlaonn orainn bheith mar mholadh i lár an talaimh: glóir duit!

Tugaimid ardmholadh duit le linn an aighnis agus na ndeighiltí,

Tugaimid ardmholadh duit le linn na beatha agus an bháis,

saolú neimhe úir agus domhain nua.

Tusa a ghlaonn orainn bheith mar mholadh i lár an talaimh: glóir duit!

AN CHÉAD LÉACHT

*An Leas Ard-Mhéara, an Comhairleoir Mícheál Mac Donncha thar
cheann Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath*

Sliocht ón Soiscéal de réir N. Eoin

Mise an fhíniúin fhíor, agus is é m'Athair an saothraí. Gach géag ionam nach dtugann toradh, bainfidh sé í; agus gach géag a thugann toradh, bearrfaidh sé í, ionas go dtabharfaidh sí breis toraidh. Tá sibhse bearrtha de bharr an bhriathair a labhair mé libh. Fanaigí ionamsa, agus mise ionaibh. Faoi mar nach féidir don ghéag toradh a thabhairt uaithi féin, mura bhfanann sí san fhíniúin, sin mar nach féidir daoibhse, mura bhfanann sibh ionamsa.

Mise an fhíniúin, sibhse na géaga; an té a fhanann ionamsa, agus mise ann, tugann seisean toradh mór uaidh; óir gan mise, ní féidir daoibh aon ní a dhéanamh. Cibé nach bhfanfaidh ionamsa, caithfear amach é mar ghéag, agus feofaidh sé; agus tógfear agus caithfear sa tine iad, agus dófar iad.

Má fhanann sibh ionamsa agus má fhanann mo bhriathra ionaibh, iarrfaidh sibh cibé ní is mian libh agus déanfar daoibh é. Tugadh glóir do m'Athair sa mhéid go dtugann sibhse toradh mór uaibh, agus go mbeidh sibh in bhur ndeisceabail agamsa.

Faoi mar a thug an tAthair grá domsa, thug mise grá daoibhse chomh maith. Fanaigí i mo ghrá. Má choinníonn sibh m'aitheanta, fanfaidh sibh i mo ghrá, faoi mar a choinnigh mise aitheanta m'Athar, agus a fhanaim ina ghrá.

Eoin 15:1-10

A Dhia an ghrá, trí Chríost a dúirt tú linn: “Ní sibhse a rinne mise a thoghadh, ach mise a rinne sibhse a thoghadh.” Cuardaíonn tú muid, tugann tú cuireadh dúinn glacadh le do chairdeas agus fanacht ann. Múin dúinn an cuireadh seo a fhreagairt go fonnmhar, agus bheith ag fás i saol atá níos iomláine.

I nDia atá áthas ár gcroí.

A Dhia na beatha, glaonn tú orainn bheith mar mholadh i lár an talaimh agus fáilte a chur roimh a chéile mar thíolacadh do ghrásta. Do radharc grámhar, a bhíonn ar gach duine, go spreaga sé muid glacadh lena chéile go díreach mar atáimid.

I nDia atá áthas ár gcroí.

A Dhia, is tusa a bhailíonn agus a fhíonn le chéile muid mar fhiniúin amháin i do Mhac, Íosa. Go maire do Spiorad ceanúil ionainn ag cruinnuithe áitiúla eaglaise agus pobail agus ag tionóil éacúiméineacha. Go gceadaí tú dúinn ceiliúradh lúcháireach a dhéanamh ort le chéile.

I nDia atá áthas ár gcroí.

A Dhia an aon-fhíonghoirt, glaonn tú orainn fanacht i do ghrá trí gach rud a dhéanaimid agus gach rud a deirimid. Agus muid spreagtha ag do mhaitheas, go léirimid an grá sin sa bhaile agus san áit oibre. Go gcuire muid deireadh le coimhlint, agus le haon teannas eadrainn.

I nDia atá áthas ár gcroí.

Hymn: [Ag Críost an Síol](#)

Sliocht ón gCéad Litir N. Pól chuig na gCorantaigh

Impím oraibh, a bhráithre, in ainm ár dTiarna Íosa Críost, sibh go léir a bheith ar aon fhocal agus gan aon siosmaí a bheith eadraibh, ach sibh a bheith dlúite le chéile ar aon aigne agus ar aon intinn. Mar tá sé curtha ar mo shúile dom ag muintir Chlóé, a bhráithre, go mbíonn sibh in achrann le chéile. Is é atá i gceist agam go mbíonn gach duine agaibh á rá: “leanaimse Pól,” nó “leanaimse Apollós,” nó “leanaimse Céafas,” nó “leanaimse Críost.” An amhlaidh atá Críost roinnte ina choda?

A Spioraid Naoimh, is tú a chruthaíonn agus a athchruthaíonn an eaglais i ngach áit. Tar agus labhair i gcogar lenár gcroí an phaidir a dúirt Íosa lena Athair ar an oíche roimh a pháis: “ionas go mba aon iad go léir ... i dtreo go gcreidfídh an saol”

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna Íosa, a Phrionsa na Síochána, las ionainn solas do ghrá ionas go scoirfear den tarcaisne agus míthuiscint san eaglais. Go dtite na ballaí a dheighleann ó chéile muid.

A Thiarna, déan trócaire.

A Spioraid Naoimh, a Shólásaí do gach ní, oscail ár gcroí don mhaithiúnas agus don athmhuintearas agus tarraing ar ais muid ó bheith ag fánaíocht.

A Thiarna, déan trócaire.

A Thiarna Íosa an chroí chineálta agus umhail, tabhair dúinn bochtaineacht ó spiorad ionas go bhféadaimid fáilte a chur roimh thobainne do ghrása.

A Thiarna, déan trócaire.

A Spioraid Naoimh, ní thréigeann tú na fir, na mná agus na leanaí a ndéantar géarleanúint orthu as a ndílseacht don soiscéal. Go gcuire tú neart agus misneach iontu agus go dtacaí tú leo siúd a thagann i bhfóir orthu.

A Thiarna, déan trócaire.

HYMN *Tiomna Cholm Cille*

SEANMÓIR

An tEaspag Alan Mac Eochagáin

HYMN *Bóthar na Síochána*

(Bunaithe ar théacs le Dorotheus Ghaza)

Glaonn Íosa orainn fanacht ann féin, mar chraobhacha na fíorfhíniúna. Glaonn sé orainn toradh ghrá athmhuintearais agus slánaithe Dé a thabhairt uainn. Glaonn sé orainn tarraingt níos cóngaraí do Dhia agus dá chéile mar a roinnimid an grá seo leis an saol mór.

Samhlaigh ciorcal bheith tarraingthe ar an talamh. Samhlaigh gur léiriú den domhan é an ciorcal seo.

Seasann na daoine atá ainmnithe i gcorcal thart timpeall ar choinneal sa lár.

Is é Dia atá i lár an domhain mhóir, a gcastar ár mianta agus ár ndúile go léir le chéile ann.

Siúltar cúpla céim i dtreo an láir.

Dá chongaraí do Dhia a bhogaimid, is ea is cóngaraí dá chéile a bhogaimid. Agus dá chongaraí dá chéile atáimid . . .

Bogtar go dtí an lár le chéile.

is ea is cóngaraí do Dhia atáimid.

AN PHAIDIR

Leis na focail a theagasc Íosa dúinn, guímis anois le chéile:

HYMN: An Phaidir

URNAÍ AGUS BEANNACHT

An tAthair Padraig Ó Baoill

Tá nasc gan bhriseadh idir an spioradáltacht agus an dlúthpháirtíocht. Is le chéile a théann an urnaí agus an gníomh. Nuair a fhanaimid i gCríost, faighimid Spiorad an mhisnigh agus na heagna chun gníomhú in aghaidh gach éagóra agus gach ansmachta. Deirimid le chéile:

Bí ag guí agus ag obair go mbeidh Dia i réim.

Go gcuire Briathar Dé anam agus brí san obair agus sa scíth agat gach lá.

Coinnigh ciúnas inmheánach i ngach rud

i dtreo go mairfí i gCríost.

Bíodh spiorad na mBiáide istigh ionat:

áthas, soineantacht agus trócaire.

(Déanann Siúrach na Cuallachta Grandchamp na focail seo a aithris gach lá.)

Bígí mar aon, i dtreo go gcreidfídh an saol mór! Fanaigí i ngrá Dé, imígí amach sa saol mór agus tugaigí torthaí an ghrá seo uaibh.

Go líona Dia an dóchais muid le gach áthas agus le gach síocháin sa chreideamh le go mbeidh raidhse den dóchas againn trí chumhacht an Spioraid Naoimh. In ainm an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.

HYMN An Cosán Draíochta

Ár mBuíochas

Guíonn gach duine ó Chumann Gaelach na hEaglaise agus Pobal an Aifrinn gach rath oraibh go léir as bhur dtacaíocht agus bhur ndílseacht don tseirbhís seo (1971-2021)

Cumann Gaelach na hEaglaise and Pobal an Aifrinn would like to thank everyone for their support and loyalty to this service. (1971-2021)



CUMANN GAELACH NA hEAGLAISE
Ag cothú na Gaeilge in Eaglais na hÉireann

The Irish Guild of the Church
Ardteampall Chríost, Baile Átha Cliath 8/ Christ Church Cathedral, Dublin 8